



An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022
(OR. fr)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0414(COD)

9227/1/22
REV 1

SOC 271
EMPL 170
MI 401
DATAPROTECT 160

TUARASCÁIL

ó: An Uachtaránacht

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle

Uimh. an doic. ón 14450/21 - COM(2021) 762 final
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair
ardáin
- *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

I. RÉAMHRÁ

1. An 9 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin. Is é is aidhm don Treoir seo cinneadh ceart maidir le stádas fostaíochta a éascú, cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht an bhainistithe algartamaigh a áirithiú san obair ardáin agus trédhearcacht, inrianaitheacht agus feasacht ar fhorbairtí in obair ardáin a áirithiú, chomh maith le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na rialacha is infheidhme i leith gach duine a dhéanann obair ardáin.

2. Ba dhíol sásaimh i bprionsabal d'fhormhór mór na dtoscaireachtaí an togra, agus iad ag leagan béime ar an ngá atá le ham chun measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí uile an togra.

Faoi Uachtaránacht na Fraince, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta le chéile an 17 Eanáir, an 8 Feabhra, an 3 Márta, an 4, an 5 agus an 28 Aibreán, an 10 agus an 24 Bealtaine 2022. Chuir an Mheitheal bailchríoch ar an gcéad léamh ar théacs an togra, lenar féidir téacs comhréitigh tosaigh a dhréachtú ar bhonn ceistneora a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis an gcéad dá chaibidil. Tá achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i Roinn II thíos.

I láthair na huaire, tá forchoimeádais ghinearálta ghrinnschrúdúcháin á gcoinneáil ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs.

Tá forchoimeádais ghrinnschrúdúcháin pharlaiminteacha á gcoinneáil ag an Danmhairg agus ag an Ísiltír fós.

Níor thug Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh uaithi go fóill.

Maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe d'Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le Airteagal 153(1)(b) agus Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de cheangal ar an gComhairle gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach le Parlaimint na hEorpa.

An 2 Feabhra 2022, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí barúlacha foirmiúla maidir leis an togra atá faoi thrácht.

II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA FRAINCE

Thosaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta ag scrúdú an togra faoi Uachtaránacht na Slóivéine an 13 Nollaig 2021, roinnt laethanta tar éis a fhoilsithe. Ar an ócáid sin, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Treorach i láthair agus bhí an deis ag na toscaireachtaí réamhthuaisirí de chineál ginearálta a nochtadh.

Chuir Uachtaránacht na Fraince ceistneoir maidir leis an measúnú tionchair chuig na toscaireachtaí an 22 Nollaig 2021. Thug 25 Bhallstát freagra air sin. Rinneadh anailís agus plé críochnaitheach ar an measúnú tionchair ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 8 Feabhra 2022. Tá achoimre ón Uachtaránacht ar an meastóireacht sin leagtha amach in 9227/1/22 REV 1 ADD 1.

Mar thoradh ar an gcéad léamh ar an téacs a tionóladh ag cruinnithe an 17 Eanáir, an 3 Márta agus an 4 Aibreán, tháinig ceisteanna éagsúla chun cinn a raibh sé mar aidhm leo tuiscint níos fearr a fháil ar an téacs agus conas é a léirmhíniú, go háirithe maidir le hAirteagal 4 agus Airteagal 5. Shoiléirigh an Coimisiún go sonrach toimhde dhlíthiúil na fostaíochta agus a fhrisnéis ag cruinniú an 5 Aibreán.

I bhfianaise na mínithe a chuir an Coimisiún ar fáil agus na n-iarrataí ar shoiléiriú a chuir na toscaireachtaí in iúl, chuir an Uachtaránacht, an 12 Aibreán 2022, nóta ón Uachtaránacht i láthair i bhfoirm ceistneora a bhí beartaithe chun an treoir atá á lorg ag na toscaireachtaí a fháil d'fhonn an chéad téacs comhréitigh maidir le Caibidil I agus Caibidil II a dhréachtú, go háirithe d'fhonn an téacs a shoiléiriú. Measadh an chéim sin a bheith ríthábhachtach chun go mbeadh comhthuiscint ann ar an téacs, agus chun go mbeadh na toscaireachtaí in ann seasamh a ghlacadh maidir leis na pointí is casta.

Bhí na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 28 Aibreán agus an 10 Bealtaine dírithe ar fhreagraí na dtoscaireachtaí, rud a chuir ar chumas na hUachtaránachta téacs comhréitigh¹ a fhoilsiú an 19 Bealtaine 2022 maidir le Caibidil I agus Caibidil II agus maidir lena n-aithrisí gaolmhara, rud a pléadh ag cruinniú na Meithle an 24 Bealtaine.

¹ ST 8584/22

III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A PLÉADH AR LEIBHÉAL NA MEITHLE

Raon feidhme agus ábhar

Ós rud é gur chuir líon mór toscaireachtaí in iúl gur mhian leo go ndéanfaí an bunús dlí ar a bhfuil sé bunaithe a léiriú sa téacs ar bhealach níos fearr, rinneadh Airteagal 1 a athstruchtúró chun an raon feidhme a chur i láthair maidir leis an débhunús dlí atá leis.

Tá iarracht déanta ag an Uachtaránacht freisin aird níos mó a thabhairt ar a cuspóirí, agus ar na bealaí chun iad sin a bhaint amach i mír 2 d'Airteagal 1. Tagann sé seo sna sála, go háirithe, ar an iomad iarrataí ar shoiléiriú maidir leis an téacs a chur i bhfeidhm ar dhaoine fostaíthe ar lámh amháin (ar bhonn Airteagal 153(1)). (b) agus ar daoine féinfhostaithe ar an lámh eile (ar bhonn Airteagal 16 CFAE).

Ina theannta sin, rinneadh an iarracht chéanna an bunús dlí a shoiléiriú sna haithrisí.

Sainmhínithe

Ós rud é go ndearnadh go leor díospóireachtaí ar choincheap na 'seirbhíse tráchtála', go háirithe mar gheall ar easpa sainmhínithe i ndlí an Aontais, moladh filleadh ar an gcoincheap 'seirbhís'. In Airteagal 2, amhail aithris 18, sonraítear freisin an cineál ardán a eisiatar ón raon feidhme ('resell goods or services, or those who provide a service that is of a non profit making nature'), tar éis iarrataí chun na críche sin ó Bhallstáit áirithe.

Toimhde dhlíthiúil

In éagmais seasamh soiléir, suntasach ó thromlach na dtoscaireachtaí maidir leis na critéir, níor athraíodh go suntasach a líon, a gcineál ná a dtairseach.

Mar sin féin, mhol an Uachtaránacht do na toscaireachtaí coincheap breise a thabhairt isteach chun tagairt a dhéanamh don nasc fo-ordúcháin a mbeadh fostaíocht mar thoradh air trí dhíriú ní hamháin ar ‘control of the performance of work’ amhail i gcás an togra ón gCoimisiún, ach ar bhonn níos leithne ar ‘restriction of freedom, including through sanctions, to organise one’s work and control its execution’. Rinneadh coincheap an tsrianta ar shaoirse a bhaint as critéar (d) agus tugadh isteach sa ‘chapeau’ é chun é a chur i bhfeidhm ar bhonn níos ginearálta maidir leis na critéir uile, agus chun critéir áirithe a chumhdach ar bhealach níos fearr, go háirithe (a).

Ina theannta sin, cuireadh ‘de facto’ in ionad an fhocail ‘effectively’ i gcritéir áirithe agus cuireadh isteach in ‘chapeau’ mhír 2 é, d’fhonn prionsabal thosaíocht na bhfíricí a léiriú ar bhealach níos ginearálta.

Ar deireadh, i mír 3, is é is aidhm don fhoclaíocht nua an deis atá ag na Ballstáit lamháil inlíochta a úsáid a bheith níos sainráite chun toimhde na fostaíochta a chur i bhfeidhm lasmuigh d’imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha, ar toimhde é lena ndéantar an caidreamh fostaíochta a cheistiú, agus i gcásanna inar léir nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh conarthach i gcomhréir le dlíthe ná cleachtais náisiúnta.

Frisnéis na toimhdean

Leis na leasuithe ar an Airteagal sin, féachadh leis na míniúcháin a thug an Coimisiún a chur san áireamh agus le comhthuiscint a roinnt leis na toscaireachtaí uile. Ó thaobh substainte de, leis na leasuithe a rinneadh, bhíothas in ann iarrataí níos substaintiúla a tharraingt suas ar leasuithe a bhaineann le hinniúlacht na mBallstát, maidir leis an easpa éifeachta fionraíochta.

Rinneadh an tsaincheist maidir le dualgas an chruthúnais agus ról na n-ardán a mhionsonrú a thuilleadh in aithris 28.

Bainistiú algartamach, trédhearcacht oibre ardáin, sásamh agus forfheidhmiú

Díríodh sa ghrinnschrúdú ar Airteagail Chaibidil III, IV agus V (Airteagail 6 go 19) ar na gnéithe seo a leanas:

- D'iarr na toscaireachtaí, go háirithe, soiléiriú ar an ngaol le téacsanna Eorpacha eile, lena n-áirítear an Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó, RGCS agus an dréacht-Rialachán maidir leis an Intleacht Shaorga (AI), agus maidir le forálacha na caibidle seo a chur i bhfeidhm ar oibrithe ardáin, agus an méid sin ag brath ar a stádas;
- rinne na toscaireachtaí trácht ar raon feidhme agus ar cuspóir Airteagal 11 maidir le hobair ardáin a dhearbhu. D'iarr siad soiléiriú breise freisin maidir leis an tréimhsiúlacht agus na socruithe chun faisnéis áirithe a chur ar fáil (Airteagal 12);
- Chuir na toscaireachtaí ceisteanna ar an gCoimisiún faoi airteagail áirithe a bheith á gcur i bhfeidhm maidir le hoibrithe féinfhostaithe (go háirithe Airteagal 10, 13 agus 18).

IV. CONCLÚID

Tá dul chun cinn soiléir déanta sa scrúdú teicniúil ar an togra, agus sa tuiscint fhrithpháirteach ar iarmhairtí oibríochtúla na Treorach. Tá an chéad léamh ar an téacs ina iomláine curtha i gcrích. Chaith Uachtaránacht na Fraince an t-am go léir ba ghá chun na hairteagail a phlé, agus thug sí deis do na toscaireachtaí a gceisteanna a chur, lena n-áirítear i scríbhinn roimh chruinnithe na Meithle um Cheisteanna Sóisialta. Ar bhonn na mínithe a thug an Coimisiún agus barúlacha na mBallstát, bhí Uachtaránacht na Fraince in ann an chéad téacs comhréitigh a tharraingt suas a raibh sé mar phríomhchuspóir leis soiléiriú teicniúil a dhéanamh ar an téacs, lena gcumhdaítear Caibidil I agus Caibidil II go heisiach, mar aon leis na haithrisí lena mbaineann, agus ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí é mar bhonn maith tosaigh don chaibidlíocht. Tá tuilleadh oibre agus plé theicniúil riachtanach sula gcuirfear tús leis an bplé d'fhonn cur chuige ginearálta a chomhaontú.